RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/303 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2)(b) de Rialachán (AE) 2019/1241, glacfar le bearta teicniúla chun cur le laghdú gabhálacha de thaisme de na speicis mhuirí íogaire, lena n-áirítear na speicis sin a liostaítear i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle ([2]) agus i dTreoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a ghabhtar de thoradh iascaireachta agus, nuair is féidir, go gcuirfear deireadh leis na gabhálacha de thaisme sin.

(2) Is speiceas atá faoi dianchosaint iad na muca mara (*Phocoena phocoena*) de réir Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 92/43/CEE, ina liostaítear na céiticigh ar fad mar speiceas ar leas an Chomhphobail atá i ngá a ndianchosanta, agus tá an mhuc mara liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin mar speiceas ar leas an Chomhphobail a bhfuil gá le limistéir speisialta caomhnaithe a ainmniú chun í a chosaint.

(3) Tá daonra mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt an-éagsúil ó dhaonraí eile ó thaobh na géinitice de. Measann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) mar sin gur cheart líon cónaithe na muc mhara i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt a bhainistiú mar aonad daonra ar leithligh ([4]) (dá ngairtear "muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt") anseo feasta.

(4) In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, leagtar síos rialacha ag leibhéal réigiúnach maidir le bearta maolaithe atá ceaptha chun gabhálacha de thaisme de speicis íogaire a laghdú lena n-áirítear céiticigh, trí limistéir srianta, tréimhsí agus teorainneacha trealaimh a shonrú.

(5) I gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, cuirfidh na Ballstáit moltaí comhpháirteacha isteach maidir le bearta maolaithe breise chun gabhálacha de thaisme de na speicis i dtrácht a laghdú, ar bhonn Airteagal 15 den Rialachán sin, i gcás ina dtaispeántar i bhfianaise eolaíoch, arna bailíochtú ag CITM nó ag CETEI, an tionchar diúltach a bhíonn ag trealamh iascaireachta ar an speiceas lena mbaineann.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.

([2]) Treoir Uimh. 92/43/CEE an 21 Bealtaine 1992 ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

([3]) Treoir 2009/147/CE an 30 Samhain 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

([4]) CITM, 2020. Iarraidh ón Aontas maidir le bearta éigeandála chun foghabhálacha na deilfe coitinne (*Delpinus delphis*) agus foghabhálacha mhuc mara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) san Atlantach Thoir Thuaidh. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach CITM, 2020. Comhairle ó CITM 2020, http://ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2020/Special_Requests/eu.2020,04.pdf.

(6) D'aithin na páirtithe sa Chomhaontú maidir le Céiticigh Bheaga i Muir Bhailt, san Atlantach Thoir Thuaidh, i Muir Éireann agus i Muir Thuaidh a Chaomhnú (ASCOBANS) an baol atá ann do líon mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt agus an gá le gníomhaíocht réitithe a dhéanamh trí phlean téarnaimh do mhuca mara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a ghlacadh ("plean Jastarnia"). Rinneadh an plean sin a fhorbairt in 2002 agus rinneadh athbhreithniú air in 2009 agus in 2016 ([5]), agus aithnítear ann gurb é an baol is mó do mharthanas líon mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt ná gabhálacha de thaisme in iascaigh líonta éighníomhacha.

(7) Thuairiscigh an Coimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint (HELCOM) ina liosta dearg ([6]) go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar líon mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt Muir Bhailt le céad bliain anuas agus tá comharthaí láidre ann go bhfuil an speiceas i mbaol a dhíothaithe.

(8) I bhfaisnéis nua ó thionscadal SAMBAH in 2016 ([7]) maidir le stádas líon mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt, rinneadh líon mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a thomhas ag 497 n-aonán.

(9) Tar éis iarraidh ón Aontas ar chomhairle maidir le bearta éigeandála chun foghabhálacha den deilf choiteann (*Delphinus delphi*) agus den mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a chosc san Atlantach Thoir Thuaidh, an leibhéal gabhálacha de thaisme de mhuca mara a d'fhágfadh go mbeadh an muc mara in ann 50 % den acmhainn iompair atá aige a bhaint amach 95 % den am san fhadtéarma, rinne CITM an leibhéal sin a ríomh i gcomhairle an 26 Bealtaine 2020 uaidh ([8]). 0,7 aonán a fhoghabháil in aghaidh na bliana an leibhéal sin a ríomhadh. Chun an cuspóir bainistíochta sin a bhaint amach, shonraigh CITM gur cheart na hiascaigh go léir ar údar imní iad a dhúnadh. Mura ndéanfaí ach aonán amháin a ghabháil de thaisme in aghaidh na bliana, dhéanfaí é sin an baol a mhéadú go n-imeoidh muca mara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt in éag. Agus saolréim na gcéiticeach beag á meas, shonraigh CITM ina comhairle, nach féidir beart cosanta ar bith a bheith éifeachtach ach dá gcuirfí i bhfeidhm ar feadh tréimhse fhada é.

(10) Mhol CITM sraith beart maolaithe foghabhálacha ina cuid comhairle ón 26 Bealtaine 2020 a mheastar go ndéanfaidh siad baol na bhfoghabhálacha maidir le muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a laghdú láithreach dá gcuirfí i bhfeidhm ar an iomlán iad. Áirítear ar na bearta sin Banc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt a dhúnadh do na hiascaigh ar fad seachas do photaí, do ghaistí agus do spiléir, agus Láithreáin Natura 2000 áirithe agus limistéir eile a dúnadh maidir le hiascaireacht le líonta éighníomhacha (i.e. líon traimil, eangach gheolbhaigh, agus leath-shruthlíon). Molann CITM freisin úsáid éigeantach fuaimghaireas bactha ar líonta éighníomhacha i limistéir ina mbíonn méid íseal mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt nó i limistéir a d'fhéadfadh méid íseal díobh a bheith ann.

(11) Ar bhonn na comhairle ó CITM ([9]), i mí na Nollag 2020, chuir an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn (grúpa réigiúnach "BALTFISH"), moladh comhpháirteach isteach inar moladh bearta maolaithe a chuirfeadh le gabhálacha de thaisme de mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a laghdú. I mí Mheán Fómhair 2021, i gcomhréir leis an gcomhairle chéanna ó CITM, chuir BALTFISH moladh comhpháirteach nua isteach a raibh bearta maolaithe breise ann do láithreán Natura 2000 "Sydvästskånes utsjövatten" (SE0430187).

(12) Rinne Comhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt measúnú ar na moltaí comhpháirteacha i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus i mí Iúil 2021.

([5]) https://www.ascobans.org/sites/default/files/document/ASCOBANS_JastarniaPlan_MOP8.pdf

([6]) https://www.helcom.fi/wp-content/uploads/2019/08/HELCOM-Red-List-Phocoena-phocoena.pdf

([7]) an Coimisiún um Mamaigh Farraige san Atlantach Thuaidh-Institiúid na hIorua um Thaighde Mara. 2019. Tuarascáil ó Cheardlann Chomhpháirteach Idirnáisiúnta Institiúid na hIorua um Thaighde Mara/an Choimisiúin um Mamaigh Farraige san Atlantach Thuaidh maidir le Stádas na Muc Mhara san Atlantach Thuaidh. Athbhreithniú 2020. An Coimisiún um Mamaigh Farraige san Atlantach Thuaidh agus Institiúid na hIorua um Thaighde Mara, Tromsø, an Iorua. Staidéar SAMBAH http://www.sambah.org/SAMBAH-Final-Report-FINAL-for-website-April-2017.pdf.

([8]) CITM, 2020. Iarraidh ón Aontas maidir le bearta éigeandála chun foghabhálacha na deilfe coitinne (*Delpinus delphis*) agus foghabhálacha mhuc mara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) san Atlantach Thoir Thuaidh. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach CITM, 2020. Comhairle ó CITM 2020.

([9]) CITM, 2020. Iarraidh ón Aontas maidir le bearta éigeandála chun foghabhálacha na deilfe coitinne (*Delpinus delphis*) agus foghabhálacha mhuc mara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) san Atlantach Thoir Thuaidh. Sa Tuarascáil ó Choiste Comhairleach CITM, 2020. Comhairle ó CITM 2020.

(13) Moltar sa mholadh comhpháirteach a chuir an grúpa réigiúnach BALTFISH isteach i mí na Nollag 2020 gur fiú an bruach Lármhara Thuaidh a dhúnadh, áit atá lárnach do mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt le linn an tséasúir póraithe ([10]), agus go mbeadh feidhm ag an dúnadh sin maidir leis na hiascaigh ar fad seachas potaí, gaistí agus spiléir.do Moltar ann freisin gur fiú Banc Theas Lár Mhuir Bhailt agus roinnt láithreán Natura 2000 a dhúnadh maidir le hiascaireacht le líonta éighníomhacha i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM ón 26 Bealtaine 2020. Moltar sa mholadh comhpháirteach a cuireadh isteach i mí Mheán Fhómhair 2021 láithreán Natura 2000 Sydvästskånes utsjövatten a dhúnadh go séasúrach (ón 1 Samhain go dtí an 30 Aibreán) maidir le hiascaireacht le líonta éighníomhacha, láithreán arna sainaithint ag CITM mar limistéar tábhachtach do mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt. Chomh maith leis na limistéir a áirítear sa chomhairle ó CITM, moltar sa mholadh comhpháirteach a cuireadh isteach i mí na Nollag 2020 gur fiú an láithreán Adler Grund agus Rønne Bank (DK00VA261) a dhúnadh idir an 1 Samhain agus an 31 Eanáir, mar gur limistéar é a mbíonn na muca mara ann ó am go chéile le linn mhíonna an gheimhridh ([11]).

(14) Moltar sa mholadh comhpháirteach ó mhí na Nollag 2020 freisin go mbeadh gá le fuaimghairis bhactha a úsáid ar feadh na bliana go léir laistigh de láithreán Natura 2000 Zatoka Pucka and Półwysep Helski (PLH220032) agus lasmuigh de, rud a chumhdófaí Bá Puck ar fad (an Pholainn). Rinne CITM a comhairle a theorannú don limistéar atá laistigh den láithreán Natura 2000 sin. Mhol CITM gur cheart iascaigh na líonta éighníomhacha a dhúnadh sa limistéar lastoir d'oitir ghainimh Ryf Mew (Bá Puck Amuigh) de bharr gur mó an dóchúlacht go n-aimseofar muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt, áfach. Moltar sa mholadh comhpháirteach ó mhí Mheán Fómhair 2021 go mbeadh gá le fuaimghairis bhactha a úsáid go séasúrach (ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Deireadh Fómhair) ar líonta éighníomhacha i láithreán Natura 2000 Sydvästskånes utsjövatten. Thairis sin, mhol CITM gur cheart fuaimghairis bhactha a fheistiú ar na líonta éighníomhacha i limistéir bhreise ina mbíonn líon íseal mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt nó i limistéir a d'fhéadfadh méid íseal díobh a bheith ann, limistéir nár cuireadh san áireamh sna moltaí comhpháirteacha sin.

(15) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach an moladh comhpháirteach a cuireadh isteach i mí na Nollag 2020 a mheas le linn a chruinnithe iomlánaigh i mí an Mhárta 2021 ([12]). Luaigh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach nár lean siad an moladh comhpháirteach sin ar an iomlán cé go bhfuil na bearta a mholtar ann i gcomhréir, den chuid is mó, leis na bearta a mhol CITM. Tháinig an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ar an gconclúid chomh maith, áfach, go gcuirfidh na bearta seo le laghdú gabhálacha neamhbheartaithe de thaisme de mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt, dá gcuirfí i bhfeidhm go héifeachtach iad. Cuirtear a thuilleadh leis an gcuspóir sin sna bearta a cuireadh i bhfeidhm sa mholadh comhpháirteach i mí Mheán Fómhair 2021, i gcomhréir leis an gcomhairle ó CITM.

(16) Foráiltear sa dá mholadh chomhpháirteacha gur cheart do Bhallstáit smacht ar ghníomhaíochtaí soithí iascaireachta a áirithiú chun na bearta atá beartaithe a chur i bhfeidhm. Tháinig an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ([13]) ar an gconclúid sa mheasúnú a rinne sé ar na bearta atá beartaithe sa mholadh comhpháirteach ó mhí na Nollag 2020, go gcuirfeadh bearta den sórt sin le cruinneas an taifeadta ar eachtraí foghabhálacha maidir le speicis atá faoi chosaint, atá i mbaol agus atá faoi bhagairt.

(17) Ar an iomlán, measann an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach go gcuirfidh feidhmiú na mbeart atá beartaithe sa mholadh comhpháirteach ó mhí na Nollag 2020 leis na gabhálacha neamhbheartaithe de thaisme de mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a laghdú agus gur céim a bheadh ann i dtreo chuspóirí Rialachán (AE) 2019/1241 a bhaint amach. Ba cheart, dá bhrí sin, na bearta atá beartaithe a áireamh in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

(18) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go ngeallann na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach a cuireadh isteach i mí na Nollag 2020 go n-oibreoidh siad ar bearta maolaithe breise chomh luath agus is féidir, lena n-áirítear úsáid fuaimghaireas bactha ar líonta éighníomhacha sna limistéir ina mbíonn méid íseal mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt nó i limistéir a d'fhéadfadh méid íseal díobh a bheith ann, agus féachfaidh na Ballstáit le teacht ar chomhaontú maidir le bearta rialaithe níos mionsonraithe a bheadh nasctha le rialú na mbeart maolaithe. Thairis sin, chomh maith leis na limistéir a chumhdaítear cheana féin, geallann na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach a cuireadh isteach i mí Mheán Fómhair 2021 go ndéanfar obair ar bhearta breise chun stop a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta le líonta éighníomhacha sna limistéir ina n-aimsíodh muca mara.

([10]) https://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2020/Special_Requests/eu.2020,04.pdf
([11]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF-PLEN+21-01.pdf
([12]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF-PLEN+21-01.pdf
([13]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF-PLEN+21-01.pdf.

(19) Tá an Rialachán Tarmligthe seo gan dochar do bhearta breise a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh maidir le muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a chosaint, lena n-áirítear cás mórfhoras práinne a bhfuil bonn cirt leo maidir le fíorbhagairt ar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara nó ar an éiceachóras muirí de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), agus bearta náisiúnta níos déine a d'fhéadfadh na Ballstáit a ghlacadh chun na críche sin ina n-uiscí féin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus le Rialachán (AE) 2019/1241.

(20) Ar chúiseanna práinne a bhaineann leis an ngá líon na muc mara i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt a chosaint le héifeacht láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach. Chun go mbeidh a ndóthain ama ag na hiascairí fuaimghairis bhactha a fheistiú ar a soithí, ba cheart cur i bhfeidhm phointe 1.1(b) san Iarscríbhinn a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag na bearta i bpointe 1.1(b) den Iarscríbhinn ó 1 Meitheamh 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 1.1 mar a leanas:

"1.1 Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) soithí arb é 12 m nó níos mó a bhfad iomlán trealamh iascaireachta a úsáid i limistéir shonracha mar a shainítear thíos iad gan fuaimghaireas bactha gníomhach a úsáid san am céanna.

Limistéar	Trealamh
Limistéar Mhuir Bhailt arna theorannú ag líne ó chósta na Sualainne ag an bpointe ag domhanfhad 13° O, as sin ó dheas go domhanleithead 55° T, as sin soir go domhanfhad 14° O, as sin ó thuaidh go cósta na Sualainne; agus, Limistéar arna theorannú ag líne ó chósta thoir na Sualainne ag an bpointe ag domhanfhad 55°30′ T, as sin soir go domhanleithead 15° O, as sin thuaidh go domhanfhad 56° T, as sin soir go domhanfhad 16° O agus as sin ó thuaidh go cósta na Sualainne	Aon líon geolbhaigh grinneallsocraithe nó líon fostúcháin
Foroinn Mhuir Bhailt 24 (seachas an limistéar a chumhdaítear thuas)	Aon líon geolbhaigh grinneallsocraithe nó líon fostúcháin
Folimistéar 4 de CITM agus roinn 3a de CITM (ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Deireadh Fómhair amháin)	Aon líon geolbhaigh grinneallsocraithe nó líon fostúcháin nó comhcheangal den dá líon, nach mó a bhfad iomlán ná 400 m
	Aon eangach geolbhaigh grinneallsocraithe nó líon fostúcháin ≥ 220 mm
Ranna 7e, 7f, 7g, 7h agus 7j de CITM	Aon eangach geolbhaigh grinneallsocraithe nó líon fostúcháin
Roinn 7d de CITM	Aon eangach geolbhaigh grinneallsocraithe nó líon fostúcháin

(b) gach soitheach an trealamh iascaireachta a úsáid i limistéir shonracha gan fuaimghaireas bactha gníomhach a úsáid san am céanna.

Limistéar	Trealamh
In Iarthar agus in Oirthear 'oitir ghainimh Ryf Mew' (Bá Puck Istigh agus Bá Puck Amuigh, taobh istigh de láithreán Natura 2000 'Zatoka Pucka Półwysep Helski' agus taobh amuigh de (PLH220032)) Sainítear an limistéar mar an limistéar mara a iniatar trí na comhordanáidí seo a leanas a cheangal go seicheamhach le rumlínte: — 54,606030°T — 18,803830°O — 54,631210°T — 18,772230°O — 54,681520°T — 18,711720°O — 54,694090°T — 18,690050°O — 54,701420°T — 18,652120°O — 54,717640°T — 18,628640°O — 54,789790°T — 18,418240°O	Líonta éighníomhacha *

Limistéar		Trealamh
— 54,770450°T	— 18,412820°O	
— 54,754770°T	— 18,392950°O	
— 54,727580°T	— 18,390240°O	
— 54,721830°T	— 18,402890°O	
— 54,720780°T	— 18,416430°O	
— 54,705080°T	— 18,436300°O	
— 54,695130°T	— 18,467000°O	
— 54,687800°T	— 18,460680°O	
— 54,660040°T	— 18,457070°O	
— 54,633310°T	— 18,463390°O	
— 54,628590°T	— 18,469710°O	
— 54,632780°T	— 18,510350°O	
— 54,615480°T	— 18,507640°O	
— 54,584510°T	— 18,537440°O	
— 54,550380°T	— 18,554600°O	
— 54,541970°T	— 18,543760°O	
— 54,510950°T	— 18,543760°O	
— 54,486220°T	— 18,564530°O	
— 54,592910°T	— 18,808350°O	
I láithreán Natura 2000 'Sydvästskånes utsjövatten' (SE0430187), beidh feidhm ag an toirmeasc sin idir an 1 Bealtaine agus an 31 Deireadh Fómhair.		Líonta éighníomhacha *
Sainítear an limistéar mar an limistéar mara a iniatar trí na comhordanáidí seo a leanas a cheangal go seicheamhach le rumlínte:		
— 55,35106°T	— 12,97893°O	
— 55,22202°T	— 13,53572°O	
— 55,01445°T	— 13,39068°O	
— 55,01099°T	— 13,20750°O	
— 55,07472°T	— 13,16464°O	
— 55,12709°T	— 12,97429°O	
— 55,09678°T	— 12,97513°O	
— 55,16606°T	— 12,79373°O	
— 55,24938°T	— 12,67606°O	
— 55,30773°T	— 12,63771°O	
— 55,33667°T	— 12,64080°O	
— 55,34481°T	— 12,69023°O	
— 55,30593°T	— 12,70856°O	
— 55,27558°T	— 12,80246°O	
— 55,26932°T	— 12,88011°O	
— 55,27786°T	— 12,92801°O	

* Leath-shruthlíonta, a aicmítear i gClár Cabhlaigh an Choimisiúin Eorpaigh mar eangach geolbhaigh (GNS), atá ar ancaire ar ghrinneall na farraige, tagann siad faoin sainmhíniú ar líonta éighníomhacha."

2. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"3. Bearta speisialta i Muir Bhailt

3.1. Ní cheadófar iascaireacht ach le potaí, le gaistí éisc agus le spiléir sna limistéir atá iniata trí rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas, a dhéanfar a thomhas de réir chóras WGS84:

'Banc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt':

— 56,241°T — 17,042°O
— 56,022°T — 17,202°O
— 56,380°T — 17,675°O
— 56,145°T — 17,710°O

3.2. Beidh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh le gach cineál lín éighníomhaigh sna limistéir atá iniata trí rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas, a dhéanfar a thomhas de réir chóras WGS84:

Láithreán Natura 2000 'Hoburgs bank och Midsjöbankarna' (SE0330308)

— 55,64194°T — 17,55060°O
— 55,77718°T — 17,45729°O
— 55,80195°T — 17,32586°O
— 55,69214°T — 17,11479°O
— 55,54258°T — 17,18434°O
— 55,50003°T — 17,00016°O
— 55,37749°T — 16,58925°O
— 56,01093°T — 16,61700°O
— 56,45158°T — 17,14420°O
— 56,50419°T — 18,05446°O
— 56,84110°T — 18,08191°O
— 56,82638°T — 18,64635°O
— 56,67028°T — 18,75222°O
— 56,40337°T — 18,60704°O
— 55,79712°T — 18,03668°O
— 55,78242°T — 17,99611°O
— 55,64194°T — 17,55060°O

'Banc Theas Lár Mhuir Bhailt'

Déantar Banc Theas Lár Mhuir Bhailt a shainmhíniú mar chuid na Sualainne de Bhanc Theas Lár Mhuir Bhailt rud a chumhdaíonn na huiscí ar fad idir Láithreán Natura 2000 Hoburgs bank och Midsjöbankarna (SE0330308) agus an teorainn idir an tSualainn agus an Pholainn. Déantar uiscí na Polainne a threormharcáil mar an limistéar laistigh de na comhordanáidí seo a leanas:

— 55,377°T — 16,589°O
— 55,466°T — 17,538°O
— 55,797°T — 18,037°O

3.3 Beidh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh le líonta éighníomhacha (*) sna limistéir a iniatar trí na tacair chomhordanáidí seo a leanas a cheangal go seicheamhach le rumlínte idir an 1 Samhain agus an 31 Eanáir:

Láithreán Natura 2000 'Adler Grund agus Rønne Banke' (DK00VA261)

— 55,035336°T	— 14,459815°O
— 54,971063°T	— 14,607236°O
— 54,812483°T	— 14,413654°O
— 54,812496°T	— 14,171885°O

Láithreán Natura 2000 "Adlergrung" (DE1251301)

— 55,64194°T	— 17,55060°O
— 55,77718°T	— 17,45729°O
— 55,80195°T	— 17,32586°O
— 55,69214°T	— 17,11479°O
— 55,54258°T	— 17,18434°O
— 55,50003°T	— 17,00016°O
— 55,37749°T	— 16,58925°O
— 56,01093°T	— 16,61700°O
— 56,45158°T	— 17,14420°O
— 56,50419°T	— 18,05446°O
— 56,84110°T	— 18,08191°O
— 56,82638°T	— 18,64635°O
— 56,67028°T	— 18,75222°O
— 56,40337°T	— 18,60704°O
— 55,79712°T	— 18,03668°O
— 55,78242°T	— 17,99611°O
— 55,64194°T	— 17,55060°O

Láithreán Natura 2000 'Westliche Rönnebank' (DE1249301)

— 54,70283°T	— 14,10320°O
— 54,64811°T	— 13,99096°O
— 54,66159°T	— 13,97909°O
— 54,67779°T	— 13,96169°O
— 54,69590°T	— 13,93852°O
— 54,70927°T	— 13,91839°O
— 54,71866°T	— 13,90198°O
— 54,74805°T	— 13,96202°O
— 54,77042°T	— 14,00388°O
— 54,76700°T	— 14,00920°O
— 54,72013°T	— 14,07838°O
— 54,70283°T	— 14,10320°O

Láithreán Natura 2000 'Pommersche Bucht mit Oderbank' (DE1652301)

— 54,12615°T — 14,20141°O
— 54,23882°T — 14,16802°O
— 54,27765°T — 14,06962°O
— 54,44113°T — 14,07828°O
— 54,50001°T — 14,05618°O
— 54,50001°T — 14,05786°O
— 54,50000°T — 14,74218°O
— 54,49839°T — 14,74796°O
— 54,38175°T — 14,59768°O
— 54,16732°T — 14,35027°O
— 54,12576°T — 14,23746°O
— 54,12608°T — 14,20783°O
— 54,12615°T — 14,20141°O

Láithreán Natura 2000 'Greifswalder Boddenrandschwelle und Teile der Pommerschen Bucht' (DE1749302)

An Limistéar mara a iniatar trí:

a) rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas:

— 54,34995°T — 13,75007°O
— 54,35002°T — 13,78340°O
— 54,31672°T — 13,88336°O
— 54,25958°T — 14,00053°O
— 54,27765°T — 14,06962°O
— 54,23882°T — 14,16802°O
— 54,12615°T — 14,20141°O
— 54,18295°T — 13,98338°O
— 54,14431°T — 13,86995°O
— 54,14633°T — 13,83198°O
— 54,14714°T — 13,83127°O
— 54,15004°T — 13,82926°O
— 54,15088°T — 13,82880°O
— 54,15144°T — 13,82881°O
— 54,18832°T — 13,82347°O
— 54,18832°T — 13,82346°O
— 54,19374°T — 13,82268°O
— 54,21375°T — 13,80557°O
— 54,23009°T — 13,79156°O
— 54,23160°T — 13,77499°O
— 54,23358°T — 13,75603°O
— 54,27407°T — 13,72601°O

b) an t-imeallbhord ó 54,35002°T 13,72601°O go 54,27765°T 13,75007°O

Láithreán Natura 2000 'Ostoja na Zatoce Pomorskiej' (PLH990002),

An Limistéar mara a iniatar trí:

a) rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas:

— 54,32395°T — 15,38526°O

— 54,25835°T — 15,38440°O

— 54,24455°T — 15,38422°O

— 54,19953°T — 15,38237°O

— 54,16881°T — 15,38111°O

— 54,15807°T — 15,38067°O

— 54,15804°T — 15,38067°O

b) an cósta ó 54,15804°T 15,38067°O go 54,00013°T 14,65346°O

c) rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas:

— 54,00013°T — 14,65346°O

— 53,99989°T — 14,65269°O

— 53,99982°T — 14,65200°O

— 53,99987°T — 14,65201°O

— 54,01629°T — 14,64664°O

— 53,97913°T — 14,49071°O

— 53,95057°T — 14,43891°O

— 53,93854°T — 14,45827°O

d) an cósta ó 53,93854°T 14,45827°O go 53,92176°T 14,28495°O

e) rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas, mar a léitear in ord na gcolún:

— 53,92176°T	— 14,28495°O	— 54,48498°T	— 14,79511°O	— 54,47014°T	— 14,85220°O
— 53,92905°T	— 14,28883°O	— 54,48476°T	— 14,79733°O	— 54,47135°T	— 14,85316°O
— 53,93619°T	— 14,29442°O	— 54,48434°T	— 14,79876°O	— 54,47238°T	— 14,85454°O
— 53,94698°T	— 14,30494°O	— 54,48346°T	— 14,80031°O	— 54,47294°T	— 14,85603°O
— 53,94830°T	— 14,31365°O	— 54,48261°T	— 14,80164°O	— 54,47313°T	— 14,85830°O
— 53,95213°T	— 14,33902°O	— 54,48179°T	— 14,80253°O	— 54,47319°T	— 14,86005°O
— 53,97892°T	— 14,33091°O	— 54,48092°T	— 14,80321°O	— 54,47303°T	— 14,86222°O
— 53,97914°T	— 14,33084°O	— 54,47987°T	— 14,80368°O	— 54,47261°T	— 14,86469°O
— 54,10243°T	— 14,29333°O	— 54,47887°T	— 14,80444°O	— 54,47191°T	— 14,86718°O
— 54,12747°T	— 14,28383°O	— 54,47743°T	— 14,80590°O	— 54,47115°T	— 14,86915°O
— 54,12688°T	— 14,25228°O	— 54,47594°T	— 14,80723°O	— 54,47031°T	— 14,87098°O

— 54,12728°T	— 14,24162°O	— 54,47431°T	— 14,80922°O	— 54,46938°T	— 14,87249°O
— 54,16731°T	— 14,35028°O	— 54,47285°T	— 14,81127°O	— 54,46819°T	— 14,87436°O
— 54,16880°T	— 14,35199°O	— 54,47083°T	— 14,81463°O	— 54,46476°T	— 14,87841°O
— 54,16889°T	— 14,35222°O	— 54,46903°T	— 14,81781°O	— 54,46234°T	— 14,88129°O
— 54,38286°T	— 14,59913°O	— 54,46704°T	— 14,82181°O	— 54,46009°T	— 14,88427°O
— 54,49418°T	— 14,74253°O	— 54,46523°T	— 14,82507°O	— 54,45760°T	— 14,88823°O
— 54,49380°T	— 14,74525°O	— 54,46369°T	— 14,82837°O	— 54,45514°T	— 14,89218°O
— 54,49272°T	— 14,75092°O	— 54,46218°T	— 14,83167°O	— 54,45298°T	— 14,89570°O
— 54,49188°T	— 14,75496°O	— 54,46121°T	— 14,83447°O	— 54,44969°T	— 14,90148°O
— 54,49095°T	— 14,75871°O	— 54,46044°T	— 14,83791°O	— 54,44706°T	— 14,90626°O
— 54,48966°T	— 14,76338°O	— 54,46010°T	— 14,84096°O	— 54,44515°T	— 14,90988°O
— 54,48813°T	— 14,76830°O	— 54,46010°T	— 14,84096°O	— 54,44264°T	— 14,91458°O
— 54,48735°T	— 14,77153°O	— 54,46018°T	— 14,84560°O	— 54,44081°T	— 14,91853°O
— 54,48661°T	— 14,77585°O	— 54,46076°T	— 14,84763°O	— 54,43878°T	— 14,92371°O
— 54,48597°T	— 14,77957°O	— 54,46185°T	— 14,84974°O	— 54,43679°T	— 14,92842°O
— 54,48525°T	— 14,78345°O	— 54,46303°T	— 14,85090°O	— 54,43529°T	— 14,93180°O
— 54,48506°T	— 14,78639°O	— 54,46454°T	— 14,85156°O	— 54,43364°T	— 14,93526°O
— 54,48516°T	— 14,79048°O	— 54,46628°T	— 14,85192°O	— 54,43167°T	— 14,93970°O
— 54,48510°T	— 14,79239°O	— 54,46903°T	— 14,85211°O	— 54,43013°T	— 14,94295°O

f) rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas, mar a léitear in ord na gcolún:

— 54,30457°T	— 15,24969°O	— 54,31048°T	— 15,36540°O
— 54,30337°T	— 15,25282°O	— 54,31376°T	— 15,36389°O
— 54,30277°T	— 15,25502°O	— 54,31833°T	— 15,36227°O
— 54,30249°T	— 15,25746°O	— 54,32214°T	— 15,36082°O
— 54,30267°T	— 15,26188°O	— 54,32356°T	— 15,36059°O
— 54,30319°T	— 15,26968°O	— 54,32452°T	— 15,36102°O
— 54,30321°T	— 15,27431°O	— 54,32527°T	— 15,36217°O
— 54,30327°T	— 15,27860°O	— 54,32726°T	— 15,36727°O
— 54,30238°T	— 15,28297°O	— 54,32853°T	— 15,37192°O
— 54,30115°T	— 15,28744°O	— 54,32944°T	— 15,37681°O

— 54,30039°T	— 15,29080°O	— 54,33059°T	— 15,38341°O
— 54,29976°T	— 15,29354°O	— 54,33088°T	— 15,38527°O
— 54,29886°T	— 15,29724°O	— 54,33089°T	— 15,38535°O
— 54,29858°T	— 15,29968°O	—	—
— 54,29829°T	— 15,30447°O	—	—
— 54,29812°T	— 15,31408°O	—	—
— 54,29777°T	— 15,32068°O	—	—
— 54,29695°T	— 15,32706°O	—	—
— 54,29610°T	— 15,33412°O	—	—
— 54,29570°T	— 15,33741°O	—	—
— 54,29523°T	— 15,34150°O	—	—
— 54,29497°T	— 15,34467°O	—	—
— 54,29501°T	— 15,34994°O	—	—
— 54,29578°T	— 15,35382°O	—	—
— 54,29752°T	— 15,35843°O	—	—
— 54,29935°T	— 15,36192°O	—	—
— 54,30108°T	— 15,36420°O	—	—
— 54,30289°T	— 15,36536°O	—	—
— 54,30516°T	— 15,36587°O	—	—
— 54,30711°T	— 15,36580°O	—	—

An chuid mhuirí de láithreán Natura 2000 'Wolin i Uznam' (PLH320019)

Sainítear an limistéar mar an limistéar mara a iniatar trí:

a) rumlínte a cheangal go seicheamhach leis na comhordanáidí seo a leanas:

— 53,93854°T	— 14,45827°O
— 53,95057°T	— 14,43891°O
— 53,97913°T	— 14,49071°O
— 54,01629°T	— 14,64664°O
— 53,99987°T	— 14,65201°O

b) An t-imeallbhord idir 53,93854°T agus 14,45827°O

Láithreán Natura 2000 'Pommersche Bucht' (DE1552401)

An limistéar mara a iniatar trí na comhordanáidí seo a leanas a cheangal go seicheamhach le rumlínte:

— 54,12576°T	— 14,23746°O
— 54,12615°T	— 14,20141°O
— 54,23882°T	— 14,16801°O
— 54,27765°T	— 14,06962°O

— 54,44109°T — 14,07828°O

— 54,44113°T — 14,07828°O

— 54,61491°T — 14,01307°O

— 54,62898°T — 14,00541°O

— 54,64622°T — 13,99307°O

— 54,64642°T — 13,99285°O

— 54,64811°T — 13,99096°O

— 54,72155°T — 14,14161°O

— 54,81190°T — 14,23910°O

— 54,81190°T — 14,41303°O

— 54,65773°T — 14,41303°O

— 54,53561°T — 14,63560°O

— 54,53208°T — 14,62721°O

— 54,50000°T — 14,74218°O

— 54,49839°T — 14,74796°O

— 54,38175°T — 14,59768°O

— 54,16732°T — 14,35027°O

— 54,12576°T — 14,23746°O

3.4 Beidh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh le líonta éighníomhacha (*) sna limistéir a iniatar trí na tacair chomhordanáidí seo a leanas a cheangal go seicheamhach le rumlínte idir an 1 Samhain agus an 30 Aibreán,

Láithreán Natura 2000 ‘Sydvästskånes utsjövatten’ (SE0430187)

— 55,35106°T — 12,97893°O

— 55,22202°T — 13,53572°O

— 55,01445°T — 13,39068°O

— 55,01099°T — 13,20750°O

— 55,07472°T — 13,16464°O

— 55,12709°T — 12,97429°O

— 55,09678°T — 12,97513°O

— 55,16606°T — 12,79373°O

— 55,24938°T — 12,67606°O

— 55,30773°T — 12,63771°O

— 55,33667°T — 12,64080°O

— 55,34481°T — 12,69023°O

— 55,30593°T — 12,70856°O

— 55,27558°T — 12,80246°O

— 55,26932°T — 12,88011°O

— 55,27786°T — 12,92801°O

3.5 Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leis na húdaráis rialaithe faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht soithí iascaireachta tráth ar bith chun na bearta a leagtar síos i bpointí 3.1 go 3.4 a chur i bhfeidhm.'